

Gleann Cholm Cille

Treoirleabhar ildaithe le léarscáil
Illustrated Guide with map

Seoíd oídhreachta na hÉireann
Rich in Ireland's heritage





The Glencolmcille HOTEL

Óstán Ghleann Cholm Cille
45 bedrooms Ensuite
Golf Course
Bar & a la carte menu
Fón: 074 97 30003
www.glenhotel.com
Overlooking Rathlin O'Brine Island
Beidh Fáilte romhat isteach!

Foras Cultúir Uladh



- **An Chistin**
Bialann - Restaurant 074 - 97 30213
- **Oideas Gael**
Cultural Activity Holidays 074 - 97 30248
- **Suanlios**
Accommodation 074 - 97 30248
- Ensuite rooms
- **An Siopa Gaeilge** 074 - 97 30500
Books - CD's - Tapes - Gifts
www.oideas-gael.com

FR. MCDYER'S

FOLK VILLAGE MUSEUM

Sample Ireland's history with your own eyes!

- Relive 18th, 19th and 20th century Ireland.
 - The most accurate and detailed portrayal of old Ireland
 - Take a leisurely stroll through the changing lifestyles of this untouched community
 - Guided tours available daily
- We cater for Schools, Bus Tours, Families and Individuals



Open Easter - End September every day
10am - 6pm Sunday 12 - 6pm

For further information contact
Folk Village Museum, Gleann Cholm Cille
Co. Donegal, Ireland

Visit our Teahouse, School House, Craft Shop, Shebeen and Thatched Cottages Tel: 074 - 97 30017 Fax: 074 - 97 30331

ROARTY'S BAR

Tel: 074 97 30273

- Rooms Ensuite
- Self Catering
- Ceol Traidisiúnta - Traditional Music



Gleann Cholm Cille

TREOIRLEABHAR GUIDEBOOK

Foilsithe ag Oideas Gael
2005



Réamhrá

Tá clú ar an cheantar seo mar gheall ar an tsaibhreas dúchasach agus de bharr iarrachtaí an phobail a ndéanachtaí a shárú leis na glúnta anuas. Níorbh fhéidir le Colm Cille a ainm a thabhairt d'áit níos iargúlta ná níos áille; tá stair na háite le feiceáil ag an chuariteoir achan áit a leagann sé a shúil; ón Chlochán Mór go Port agus ó Mhín an Chearbhaigh go Teileann. Tá scéal na nua-aoise le feiceáil sna tionscadail iontach a d'fhág an tAthair Mhic Daidhir ina dhiaidh; tá iomrá domhanda orainn agus éiríonn linn na mílte duine a mhealladh 'na cheantair lenár saibhreas cultúrtha a bhlaíseadh agus a mhothú. Dúinne i nGleann Cholm Cille, tá an fhorbairt eacnamúil agus an cultúr dlúthcheangailte le chéile; ní gnáth-thurasóir a thig chugainn ach cuairteoirí ar spéis leo saibhreas sainiúil na Gaeltachta agus níl áit níos fearr le sin a fháil ná paróiste seanda an Ghleanna.

Tá an treoileabhar seo do mhuintir an cheantair, a bpáistí a chuirfeas aithne ar a gcultúr áitiúil, na cuairteoirí a thig chugainn ó achan chearn agus go speisialta d'ár muintir a d'imigh uainn le saol úr a fháil ar feadh tréimhse i bhfad ón Ghleann.

Níorbh fhéidir achan réimse a chlúdach i leabhar mar seo agus níl ann ach blas beag milis den mhéid atá ar fáil; cuirfear leis an leabhar seo in eagraín eile. Má tá moltaí agat, cuir in iúl dúinn iad.

Bain sult as an Ghleann agus a muintir; níl ár sárú le fáil!
Is mise amháin atá freagrach as aon lúb ar lár!

Liam Ó Cuinneagáin

Introduction

Gleann Cholm Cille is a remarkable locale, uniquely defined by its spectacular landscape, its storied past, and a vibrant community that is determined to promote its many resources in a manner fitting to its traditions and unique sense of self. Indeed this very guide details the impact of "the Glen" on those "visitors" who have through the centuries found their way to this far-flung parish, a roll of honour that begins with St Colm Cille himself and includes the likes of Dylan Thomas, Sir Arnold Bax, Rockwell Kent (and perhaps even Bonnie Prince Charles) among many others.

It's been over twenty years since I first saw Glen, yet I feel as if I have only just begun to discover the fabled heritage that is inextricably linked with its physical topography, its archaeological sites, its weaving, farming, fishing and fiddle traditions, never mind its rich history through the ages. In short, there is to Gleann Cholm Cille an unmistakable sense of place that goes beyond its majestic landscape, and utterly defines it both as a location and a community. Those visitors who have the time to read these pages, whilst exploring some of the treasure trove detailed herein, will quickly grasp a sense of what sets this mountainy coastal corner apart. Yet even the day-tripper who has only time to look around will be rewarded by a wealth of cliffs, shores and moors second to none. I remember a dear friend in the townland of Dún Alt, a weaver, farmer and fisherman himself, informing me years ago that Glen "had once won 1st Prize for Beauty in Ireland." I've no doubt it holds that honour still.

Anthony Glavin


Clár

Gleann Cholm Cille	3	Gleann Cholm Cille
An Ghaeilge	4	The Irish Language
An tSeandálaíocht	5	Archaeology
An Portach	8	The Bog
Dún Alt agus An Trá Bhán	12	The Silver Strand
Na Túir Chomharthaíochta	13	Watch Towers
Naomh Colm Cille	15	St. Columba
Turas Cholm Cille	18	The Pilgrimage Journey
Bonny Prince Charlie	21	Bonny Prince Charlie
An Sydney	23	The Sydney
Iascaireacht	24	Fishing
An Fhíodóireacht	27	Weaving
Gleann an Cheoil	29	Glen of Music
An Fhídléireacht	31	Fiddle Music
An Amhránaíocht	35	Singing
Teampall Cholm Cille	37	St. Columba's Church
Béaloideas	38	Folklore
An Port	40	An Port
Gleann Locha	41	Gleann Locha
An Canónach Séamus Mac Daidhir	43	Canon James McDyer
Na Trioblóidí	47	The Troubles
Peann agus Pár	48	Writing
Reachlainn Uí Bhírn	49	Rathlin O'Birne Island
An tIolar	50	The Eagle
Sliabh Liag	51	Sliabh Liag
An Caiseal	53	An Caiseal
Cumann Lúthchleas Gael	54	Gaelic Athletic Association
Cill an Spáinnigh	55	The Spaniard's Church
An Charraig	57	An Charraig
Sláinte an bhradáin chugat!	59	Local Pubs
Siúlóidí	61	Walks
Seirbhísí Cuairteora	65	Visitor Information
Logainmneacha	68	Placenames
Frásaí Gaeilge	69	Some Irish phrases
Léarscáil		Map



Tucked into the rugged landscape of southwest Donegal, Gleann Cholm Cille has been a symbol of hope and success to other emigration-drained areas since the 1950s. Here, by valuing both tradition and innovation, a small community has maintained its cultural vitality.

Gleann Cholm Cille is a joy to visit at any time of the year. Both shore and hill change dramatically with the seasons, heightening the attraction for the walker. At night, some of Ireland's leading musicians play in quiet pubs, and accomplished



singers draw on an extensive repertoire of local song. Long after the bow is put away, when the dancing feet are still and the last song sung, you will remember Gleann Cholm Cille. A place apart.

Gleann Cholm Cille

Cuachta idir cnoic iardheisceart Dhún na nGall, tá Gleann Cholm Cille ina shiombail dóchais ag pobail bheaga ar fud na hÉireann ó bhí na 1950í ann. De thairbhe go bhfuil an t-úr agus an traidisiúnta fite fuaite fríd a chéile anseo, tá brí agus beatha ann nach bhfuil i mórán áiteacha eile in iarthar na tíre.

Áit bhreá lá ar bith sa bhliain is ea Gleann Cholm Cille. Tagann athrach ar an athrach le himeacht na séasúr; ní bhíonn an fharraige nó na cnoic choíche mar an gcéanna; bíonn iontas úr i gcónaí roimh an té a bhíos amuigh ag siúl. San oíche cluinfidh tú togha na bhfidléirí ag ceartú ceoil sna tithe leanna nó duine ag canadh *Lá chois cuain, Cailíní deasa Shrath Laoighill* nó *An seanduine dóite*.

I bhfad i ndiaidh don fhidléir a bhogha a ligint síos, nuair atá cosa an damhsóra socair agus an t-amhrán deireanach ráite, beidh cuimhne agat ar Ghleann Cholm Cille. Áit ar leith.



An Ghaeilge

Cuid den Ghaeltacht é Gleann Cholm Cille. Is ionann sin is a rá go bhfuil an Ghaeilge ó dhúchas ag céadatán suntasach den phobal. Go dtí tús na 1900í, ba í an Ghaeilge príomhtheanga an phobail ach anois tá an lámh in uachtar ag an Bhéarla. Neamart stáit ar eacnamaíocht an cheantair, dímhéas institiúidí ar an chultúr dúchais agus easpa Gaeilge sna meáin chumarsáide na príomhchúiseanna a bhí le meath na teanga.

Tá athrach ag teacht ar an scéal le blianta beaga anuas. Bunaíodh Oideas Gael i 1984 le stádas na Gaeilge a fheabhsú. Tá dhá chuspóir ag an eagraíocht, mar atá, labhairt na Gaeilge a chaomhnú sa Ghleann agus cuidiú le daoine ó cheantracha eile i a fhoghlaim. Bíonn cúrsaí Gaeilge, ag gach léibhéal foghlama, ar siúl faoina chúram i rith na bliana i bhForas Cultúir Uladh. Lena chois sin, eagraíonn Oideas Gael cúrsaí gníomhaíochta i ndamhsa, i siúl sléibhe, i seandálaíocht, i bpéintéireacht, i bhfíodóireacht & réimsí eile cultúrtha.

The Irish Language

Gleann Cholm Cille is a Gaeltacht community. Until the early 1900s Irish was the majority language but receded somewhat in the middle of the century. State neglect of the west's economy, the antipathy of various institutions to Gaelic culture, and the dominance of English in the Dublin-based media were key factors in this decline.

In 1984 Oideas Gael was established to halt the decline of the language. Its two main objectives are ensuring that the district remains a bilingual community and helping people from other areas to learn to speak Irish. Its cultural activities programme includes set-dancing, hill-walking, archaeology, painting, bodhrán, flute, pottery, environment and celtic art. (www.oideas-gael.com).



Archaeology

Farming people settled in Gleann Cholm Cille between 4,000 and 3,000 BC. The most significant reminders of this society are the great court tombs of *Mainnéar na Mortlaidh* and *An Clochán Mór*. There are some 400 court tombs in Ireland, most of them in the northwest. The key features of such tombs are a ceremonial court and a gallery which typically contains two burial chambers. The gallery would have originally been covered with a cairn of stones but in most cases this has since collapsed.

Mainnéar na Mortlaidh is an exceptional tomb. Its court is the largest in Ireland and it has two galleries, each containing two burial chambers. There is evidence of three or four burial chambers in the court. A trackway now runs through the tomb, making it difficult to discern the original structure. Partly reconstructed in the late 1800s, *An Clochán Mór* is in better condition. It too consists of a large court and two burial galleries. Here, however, the galleries run parallel while in *Mainnéar na Mortlaidh* they are diametrically opposed.

An tSeandálaíocht

MAINNÉAR NA MORTLAIDH & AN CLOCHÁN MÓR

Tháinig an chéad phobal talmhaíochta go Gleann Cholm Cille idir 4,000 agus 3,000 RC. Is iad Mainnéar na Mortlaidh agus An Clochán Mór na hiarsmaí is tábhachtaí ón tréimhse sin. Is tuamaí cúirte iad seo. Is iad cúirt i gcóir



deasghnátha agus gailearaí, a bhfuil cúpla ionad adhlaetha ann, na gnéithe is suntasaí den chineál seo tuama. Bhí carnáin cloch ar na gailearaithe an t-am a tógadh na tuamaí ach thit an chuid is mó acu ó shin. Tá thart fá 400 tuama cúirte in Éirinn, an tromlach acu i dtuaisceart Chonnacht agus in iarthar Uladh.

Is tuama ar leith é Mainnéar na Mortlaidh. Is í cúirt an tuama seo an chúirt is mó in Éirinn. Tá dhá ghailearaí sa tuama agus tá dhá ionad adhlaetha iontu araon. Lena chois sin, tá trí nó ceithre ionad adhlaetha sa chúirt. Ar an drochuair, cuireadh casán agus balla fríd an tuama agus tá sé deacair an chuma a bhí air a shamhailt anois. Tá bunstruchtúr an Chlocháin Mhoir níos soiléire. Tá cúirt mhór agus dhá ghailearaí ann fosta. Cibé ar bith, tá an dá ghailearaí ag taobh a chéile, i gcodarsnacht le gailearaithe Mhainnéar na Mortlaidh atá suite ar dhá cheann na cúirte.

LEABA DHIARMADA & GHRÁINNE

Tógadh tuamaí ursanacha in Éirinn thart fá 2,000 RC. Tá an cineál seo tuama níos simplí ná na tuamaí cúirte: cloch ollmhór ina luí ar thrí chloch eile atá iontu. Macasamhail na ngailearaithe sna tuamaí cúirte, bhí carnáin cloch ar na hionaid adhlaetha seo nuair a tógadh iad. Tá naoi gcinn de thuamaí ursanacha i Málainn Mhoir, sé cinn acu i líne díreach ar an taobh chlé den bhealach go Málainn Bhig. Seo an grúpa is mó tuamaí den chineál seo in Éirinn agus dá bhrí sin tá tábhacht mhór seandálaíochta ag baint leis. Measann seandálaithe gur tuama mór amháin a bhí ann.

17 18

Portal tombs are less elaborate than court tombs but many have a more striking appearance. Erected about 2,000 BC, they consist of a single burial chamber formed by placing a large cap stone on several smaller stones. Like the burial galleries of the court tombs, they were once enclosed in a cairn of stones. Interestingly, the nine portal tombs in the *Gleann Cholm Cille* area are in *Málainn Mhoir*. Of these, six lie in a straight line on the left side of the road to *Málainn Bhig*. This is the largest group of portal tombs in Ireland and it is of great archaeological importance. Researchers have suggested that the six tombs may once have formed a single massive monument.



Portal tombs are commonly referred to as *Leaba Dhiarmada agus Ghráinne*, (trans.: Diarmuid and Gráinne's Bed). In Gaelic mythology, Gráinne was the daughter of Cormac Mac Airt, king of Ireland, who arranged for her to marry Fionn Mac Cumhaill, the ageing leader of his warrior band, Na Fianna. Gráinne disliked Fionn, however, and before their marriage she eloped with Diarmuid Ó Duibhne, the most handsome of Fionn's followers. Fionn swore revenge and pursued them around Ireland. Portal tombs are pointed out as places where the lovers slept during the pursuit. The story ends on Beann Gulban, a table-shaped mountain in north Sligo, where a wild boar gored Diarmuid. Fionn refused to bring him water which would heal him, and he died.

Is é *Leaba Dhiarmada agus Ghráinne* an t-ainm is mó a thugtar ar thuamaí ursanacha. Sna seanscéalta, iníon le Cormac Mac Airt, Ard-Rí na hÉireann, a bhí i nGráinne. Gealladh í in éadan a tola le Fionn Mac Cumhaill, an ceannaire meánaosta a bhí ar na Fianna. Cibé ar bith, ní raibh dúil ar bith ag Gráinne ann agus d'éalaigh sí le Diarmuid Ó Duibhne, an fear ba dóighiúla de lucht leanúna Fhinn. Chuaigh Fionn sa tóir orthu agus lean sé ar fud na tíre iad. De réir an tseanchais, chóirigh Diarmuid leaba do Ghráinne ar cheann de na tuamaí ursanacha gach oíche den tóraíocht. Sa deireadh, ghoinn torc Diarmuid ar Bheann Gulban i dtuaisceart Shligigh. In ainneoin go raibh a fhios ag Fionn go leigheasfadh deoch uisce é, ní thabharfadh sé dó é agus fuair sé bás.

19



An Portach

Thosaigh aimsir na hÉireann ag éirí níos fuaire agus níos fliche thart fá 1,000 RC. I ndiaidh tamaill, bhí cuid mhór talaimh ar maos in uisce. Níor lobhaigh plandaí i gceart sna seascáin sin agus de réir a chéile rinneadh móin den ábhar leathlofa. Tá an portach ina acmhainn thábhachtach ag muintir an Ghleanna ó shin. Baintear an mhóin gach bliain thart fá Mhí na Bealtaine, nó corrúair



níos luaithe, i ndiaidh do na caoráin triomú rud beag ach sula n-éiríonn an fód róchrúa. Caitear na bachtaí a pharáil ar dtús, is é sin, an sraith a ghearradh díobh. Ansin, baintear an mhóin le sleán. De ghnáth bíonn fear amháin ag baint agus fear eile ag cur as poll, nó ag tógáil na bhfódanna fluicha ón tsleán agus á gcaitheamh ar an chaorán. Fágтар na fódanna ina luí ansin le triomú ar feadh cúpla seachtain go mbíonn siad measartha tirim agus cróigtear ansin iad. Go minic, tugtar ar na páistí an obair seo a dhéanamh. Déanann siad staicíní beaga

The Bog

Ireland's climate began to grow colder and damper about 1,000 BC. Extensive areas became waterlogged. Plants and trees did not decompose properly in these marshes and over many centuries the semi-decayed matter formed peat bogs. These bogs are now an important asset to the community. Turf is cut every May, or earlier if the weather permits, when the bogs have begun to dry but before the sod has hardened. The *bachtaí* or turf banks must be 'pared' first by stripping the *sraith* or top sod. Then the turf is cut with a *sleán*, a special spade with a long blade. Usually, people work in pairs, one cutting and the other *ag cur as poll*, throwing the heavy wet sods onto the bank. The sods are left to dry for several weeks and then are 'footed', built into small stacks of a half-dozen or so sods to dry thoroughly. Children often do this work. Finally, at the end of summer, the turf is brought home and built into a *clamp* or large stack. Work on the bog can be tedious, not least on account of the *mioltógai* [trans.: midges], tiny insects with an irritating bite which swarm on calm evenings. That said, on a fine summer's day, there is nowhere as pleasant as the bog.

Since the 1980s, there has been a growing awareness of the environmental importance of bogs. Ireland, and particularly

Donegal, has some of the most expansive untouched bogs in Europe. These bogs support insect, animal and plant life which is not found on more fertile land. Many of the peatlands in the vicinity of *Gleann Cholm Cille* are now protected by law.



le leathdhosaen fód i ngach ceann acu. Sa deireadh, tugtar an mhóin 'na bhaile i ndeireadh an tsamhraidh agus déantar clampar mór. Is obair mhaslach i baint agus cróigeadh móna, go háirithe de thairbhe na mioltógaí, feithidí beaga bídeacha a chéasann na hoibrithe nuair nach mbíonn gaoth ann lena seoladh ar shiúl. Cibé ar bith, níl áit níos fearr ná an caorán lá breá samhraidh.

Ó bhí na 1980í ann, tuigean daoine tábhacht na bportach sa chomhshaol. Tá portaigh fhairsinge i dTír Chonaill nár baineadh móin riamh orthu, agus níl a macasamhail coitianta san Eoraip. Tá feithidí agus éanacha, luibheanna agus plandaí iontu nach bhfuil rófhluirseach ar an talamh maith. Dá thairbhe sin, tá cosc dlí ar bhaint de chuid de na portaigh i nGleann Cholm Cille.



AN GRÁGÁN

Anuas go dtí lár na 1900í, ba ghnách le daoine grágáin — giotáí crann nár lobhaigh sa phortach — a chruinniú. Théadh siad amach maidin dhriúchta le cuaille fada iarainn ar a dtugadh siad *bior maide* air. D'aithníodh siad ón driúcht cá raibh an grágán agus shádh siad an bior maide isteach sa talamh le tomhas cé chomh fada síos a bhí sé. Ansin, dá mbíodh sé cóngarach go leor, thocláíodh siad amach é. Is iomaí feidhm a fuair siad don ghrágán céanna: dhódh siad é, dhéanadh siad troscán dó agus bhruithheadh siad é le rópaí a dhéanamh.

Carachtar mór i seanchas Ghleann Cholm Cille is ea Pádaí Bhillí na Rópaí Ó Baoill, a tháinig ar an tsaoil i gCoillte Fánaid san naoú haois déag agus a thug a bheatha i dtír ag déanamh rópaí ar an dóigh sin. Phós Pádaí bean as Dún Chionn Fhaola agus chuaigh sé chun cónaithe ansin. Fidléir an-mhaith a bhí ann agus deirtear gur tháinig Mici Mór Ó Dochartaigh,

Bog Oak

Until the mid-1900s, people collected *grágán*, referred to in English as 'bog oak', fragments of trees which fell several thousand years ago and have been preserved in the bog. Walking on the bog in the morning, they could judge from the dew where the *grágán* lay. They would then drive a long metal pole, known as a *bior maide*, into the ground to establish how close it was to the surface and, if it was not too far down, they would dig it out. They burnt *grágán* as firewood, used it to make furniture and boiled and twisted it to make ropes. Pádaí Bhillí na Rópaí Ó Baoill, who made a living as a rope-maker in the 1800s, is one of the great characters in local *seanchas* [trans.: oral tradition]. An accomplished fiddler, Pádaí married a woman

'An Dúchas Lom'
Sculpture by Gordon Woods



named Bell Tully from Dún Chionn Fhaola, near Na Cealla Beaga, and went to live there. Mici Mór Ó Dochartaigh, one of the great travelling fiddlers, called to the house one day. Bell was the only one at home and Mici Mór, assuming she had no Irish, addressed her in English. In fact, Bell had very poor English and in answer to the question 'Where's Pádaí?' she translated directly from Irish and replied, 'Over in Glen making blackbirds.' The haunting air *An londubh* [trans.: The blackbird], was one of Pádaí's favourite tunes.

In 1994 Máire Ní Chochlainn TD unveiled *An Dúchas Lom*, a sculpture by Gordon Woods, beside Foras Cultúir Uladh. A *bior maide* and piece of *grágán* are incorporated into this absorbing piece.



fidléir siúil a raibh clú agus cáil air, chun an tí á chuartú lá amháin nuair nach raibh sé istigh. Tháinig a bhean chun an dorais agus labhair Mici léi i mBéarla, ag déanamh nach raibh Gaeilge ar bith aici. Fé mar a tharla sé, ní raibh Béarla ró-mhaith aici agus dúirt sí leis go raibh Pádaí 'over in Glen making blackbirds.' Is ag trácht ar *An londubh*, fonn mall a bhuaileadh Pádaí go minic, a bhí sí.

I 1994 nocht Máire Ní Chochlainn TD *An Dúchas Lom*, dealbh le Gordon Woods, in aice le Foras Cultúir Uladh. Tá bior maide agus grágán le feiceáil ansin.



Dún Alt & An Trá Bhán

Bhí na Gaeil i nGleann Cholm Cille roimh 300 RC. Is iarsmaí ón tréimhse sin an dún chinn tíre ag Dún Alt agus an caiseal os cionn na Trá Báine i Málainn Bhig. Tá an dún agus an caiseal suite in áiteacha so-chosanta. De thairbhe chomh beag is atá siad, measann seandálaithe nár baineadh úsáid astu ach amháin in am cogaidh nuair a bhí an chontúirt ann go ndéanfaí ionsaí ar an phobal. Tá iarsmaí ballaí cosanta agus ballóg bothóige le sonrú i nDún Alt agus tá dúshraith botháin fhaire taobh thoir den lios i Malainn Bhig.

An Trá Bhán

The Silver Strand, Malainn Bhig

16 21

Dún Alt & The Silver Strand

Archaeologists believe that the Celts who settled in Gleann Cholm Cille about 300 BC built the ruined promontory fort in *Dún Alt* and the stonefort above *An Trá Bhán* in *Málainn Bhig*. Situated in easily defended locations, both are comparatively small, and they were probably only used when the community was in danger of attack. The remains of defensive walls and the ruins of a small house may be seen in *Dún Alt*, and the foundations of a lookout post are easy to find east of the fort in *Málainn Bhig*.



Watch Towers

In 1798 French forces invaded Ireland to support revolutionaries committed to establishing a democratic republic, independent of Britain. Although they quickly defeated the invaders, the 'Year of the French' concentrated the British government's mind on the ease with which enemy troops could land in Ireland. They erected defenses around the coast including three signal towers at *Cionn an Charraigín*, *Málainn Bhig* and *Cionn Ghlinne*. Built between 1804 and 1806, these towers were to provide an early warning in the event of an attempted invasion. Located on headlands which commanded a good view of the sea, all signal towers are within sight of other such towers or military installations. Most were only manned in the first decade of the nineteenth century and were finally abandoned after Napoleon's defeat at Waterloo in 1815. They should not be confused with Martello Towers, heavily fortified circular castles erected near important harbours and potential landing areas to defend them against attack.

►
An Túr, Málainn Bhig
Watch Tower, Málainn Bhig

Na Túir Chomharthaíochta

I 1798 tháinig fórsaí de chuid na Fraince i dtír in Éirinn le cuidiú leis na hÉireannaigh Aontaithe poblacht dhaonlathach neamhspleách a chur ar bun. Cé gur ghread na Sasanaigh iad, léirigh 'Bliain na bhFrancach' go mb'fhurast do naimhde na Breataine Éire a ghabháil. De thairbhe sin, thóg rialtas na Breataine túir chomharthaíochta ar chinn tíre a raibh radharc maith ar an fharraige uathu. 'S í an fheidhm a bhí le foirme na dtúr ná scéala a chur chuig na húdaráis áitiúla dá bhfeicfí cabhlach coimhthíoch ag teacht. Idir 1804 agus 1806 tógadh trí thúr comharthaíochta i bparóiste Ghleann Cholm Cille, ceann ag Cionn an Charraigín, ceann ag Málainn Bhig agus ceann eile ar bharr Chionn Ghlinne. Níor baineadh úsáid astu ach ar feadh cúpla bliain agus tréigeadh ar fad iad nuair a buaileadh Bonaparte ag Briseadh Waterloo in 1815. Ní hionann na túir seo agus Túir Mhartello. Túir chosanta a bhí iontusan a raibh gunnaí móra ar a ndíon acu. Bhí déanamh ciorclach orthu agus tógadh iad in aice le poirt thábhachtacha agus

in áiteacha a dtiocfadh le naimhde teacht i dtír.



►
An Túr, Sliabh Liag
Watch Tower, Sliabh Liag

22 23 24



Gleann Cholm Cille translates as the 'valley of Colm Cille'. Born in Gartán in North Donegal in 521 AD, *Colm Cille* is one of Ireland's three patron saints. His name means 'dove of the church', but oral tradition presents him as an endearingly irreverent character. It is said that when Patrick was converting the people to Christianity in the fifth century some demons sought refuge in this isolated glen.

They raised a fog around it and turned the river into a fiery stream so that no Christian could reach them. Patrick was unable to enter the glen but swore that a better man than he would finish his work. A century later, Colm Cille was preaching in southwest Donegal. One day a demon threw a holly rod out of the glen and it killed Cearc, one of Colm's assistants. This place is known as *Srath na Circe* [trans.: Cearc's swath]. Enraged, Colm fired the stick back. When it hit the ground it immediately began to grow. Terrified, the demons fled. The saint pursued them throwing stones, and even his bell, at them. He eventually drove them into the sea at *Screig na nDeamhan* [trans.: the demons' scrag], near *Cionn Ghlinne*. Some say he turned them into *dallóga caocha*, fish which local people believe to be blind in one eye, yet others say he turned them into seals which tear salmon nets in summer.

De réir an tseanchais, nuair a bhí Pádraig ag beannú na hÉireann, theith na deamhain agus na hainspioraid is measa go dtí an gleann scaite seo. Cheil siad i gceo draíochta é agus rinne siad sruthán tine den abhainn leis na Críostaithe a choinneáil ar shiúl. Ní raibh neart ag Pádraig air sin, ach dúirt sé go dtiocfadh fear níos fearr ná é féin ina dhiaidh agus go mbeannódh an fear sin an Gleann. Colm Cille ab ainm don fhear sin. Tháinig sé ar an tsaol i nGartán i dtuaisceart Thír Chonaill i 521 AD agus nuair a tháinig sé i méadaíocht thosaigh sé ag fógairt an chreidimh úir i

gCúige Uladh. Lá amháin, chaith deamhan slat amach as an Ghleann agus mharaigh sé fear de lucht leanúna Choilm a raibh Cearc air. Is uaidh sin a fuair *Srath na Circe* a ainm. Tháinig fearg ar Cholm agus chaith sé an tslat ar ais. Thosaigh sí ag fás san áit a bhuail sí an talamh agus tá crann cuilinn ann i gcónaí. Chuir sin eagla ar na deamhain agus theith siad. Lean Colm iad, ag caitheamh cloch ina ndiaidh. Deirtear gur chaith sé a chlog fiú le scanrú a chur ar na deamhain. Choinnigh sé á leanúint go ndeachaigh siad isteach san fharraige ag *Screig na nDeamhan*. Deir daoine áirithe go ndearna sé *dallóga caocha* ansin dóibh ach tá iascairí ann a deir gur cruth róin a d'fhág sé orthu agus go mbionn siad ag stróiceadh eangacha sa tsamhradh.



Colm Cille in the Glen

After driving out the demons, Colm Cille and his monks introduced Christianity to the region. The ruins of several of their churches may still be seen, including *Séipéal Cholm Cille* in *Biofán*, *Cill Fhánaid* behind the holiday village, *Teampall na Manach* in *Cill Ghólaí* and *Teampall Chaoimhín* in *Málainn Bhig*. Saint Caoimhín also built a small church in An Fhothair, in the centre of the glen, which was the site of a *scáthlán*, or make-shift chapel, until the mid-1700s.

Colm subsequently became involved in a dispute about the right to copy manuscripts. As a result of this dispute, he went into exile on Iona, an island off the coast of Scotland, in 565 AD. He died there on Sunday 9 June 597 AD. The monastic community on the island decorated a famous manuscript in his honour. Referred to in English as the *Book of Kells*, Irish-speakers call it *Leabhar Cholm Cille* [trans.: Colm Cille's Book]. A facsimile of the Book of Kells is on public display in *Foras Cultúir Uladh*. Only 1,400 facsimile copies have been printed, and this is one of only 12 on public display in Ireland.

Leaba Cholm Cille

St. Colm Cille's Bed at Biofán

COLM CILLE SA GHLEANN

I ndiaidh dó an ruaig a chur ar na deamhain, thug Colm Cille agus a chuid manach an Chríostaíocht go dtí an gleann. Tá ballógaí na dteampall a thóg na manaigh ann i gcónaí, ina measc, Séipéal Cholm Cille i mBiofán, Teampall na Manach i gCill an Ghólaí, Cill Fhánaid ar chúl an tSráidbhaile Saoire agus Teampall Chaoimhín i Málainn Bhig. Bhí an darna teampall ag Caoimhín ar an Fhothair, áit a raibh scáthlán ann go dtí lár na 1700í.



† 13

De thairbhe easaontais idir Colm agus cinnirí na hEaglaise fá athscriobh lámhscríbhinní, díbríodh an naomh as Éirinn i 565 AD. Chuaigh sé go hOileán Í na hAlban, áit ar bhunaigh sé mainistir, agus fuair sé bás ansin ar 9 Meitheamh 597 AD. Mánaigh Oileán Í á chuir Leabhar Cholm Cille – leagan maisithe de na soiscéalta – le chéile. Tá fíorchóip Stad 13 dó ar taispeáint i bhForas Cultúir Uladh. Níor cuireadh ach 1,400 cóip den eagrán seo i gcló agus níl ach 12 acu ar taispeáint go poiblí in Éirinn.

† 5



Turas Cholm Cille

† 1 → † 15

Tá páirt lárnach ag an *turas* nó an oilthreacht bheannaithe i reiligiún pobail in iarthar na hÉireann. Déantar an chuid is mó de na turais in ónóir naoimh fé leith. Deir na hoilithrigh paidreacha speisialta agus iad ag dul thart ar stáisiún nó ionaid bheannaithe a bhfuil baint acu leis na naoimh. De ghnáth, bíonn orthu pionós a dhéanamh le linn an turais, mar shampla, é a dhéanamh luath ar maidin, costamocht nó ina dtoscadh. Creideann lucht staire gur iarsmaí de dheasghnátha réamh-Chríostaí atá sna turais. Dar leo, ní raibh na mánaigh ábalta na deasghnátha sin uilig a chur fé chois ach d'éirigh leo craiceann na Críostaíochta a chur orthu.



Déantar turas i nGleann Cholm Cille ar 9 Meitheamh. Tá cúig stáisiún déag sa turas, an chuid is mó acu ar an taobh ó thuaidh den ghleann. Clocha galánta inghearrtha atá i gcuid acu ach níl sa chuid eile ach carnáin cloch. Cuireadh leacht iarainn ar gach stáisiún le cuidiú le lucht an turais. Tá an chéad stáisiún rud beag taobh thiar de Theampall Cholm Cille agus tá an ceann deireanach ar an cheann thoir den reilig. Cúig chiliméadar ar fhad, glacann sé trí huaire an chloig leis an turas a

Pilgrimage

In Gleann Cholm Cille, a *turas* in honour of the local patron is performed on 9 June. It consists of fifteen stations, almost all of which are on the northern side of the valley. Several of the stations consist of beautiful inscribed stones and they have been marked with iron plaques to facilitate the pilgrims. The *turas* begins slightly west of St. Columba's and the last station is inside the churchyard, near its east wall. Some 5 kilometres long, it takes three to four hours and pilgrims are usually barefoot. On 23 June there is another major *turas* to *Tobar na mBan-Naomh* [trans: the well of the holy women] in Teileann. In the early 1800s, the Catholic clergy attempted to suppress this *turas* as it they believed it encouraged 'excrescences of abuse, and especially drink and unseemly dancing.' People continued to perform it, however, and in the late 1800s the clergy again gave it their approval. The *turas* or pilgrimage has a central place in popular religion in the west of Ireland. In most areas, the *turas* is dedicated to a local saint. On a particular day of the year, pilgrims walk around a group of places, known as *stáisiúin*, which are associated with that saint. They are generally required to say special prayers at each *stáisiún* and most *turais* entail some form of penance such as fasting, setting out early in the morning or walking barefoot. Historians believe that *turais* are survivals of pre-Christian practices which early missionaries adapted to the new religion.

Tobar Cholm Cille
St. Colm Cille's Well



dhéanamh. Déantar turas mór eile go Tobar na mBan-Naomh i dTeileann ar 23 Meitheamh. I dtús na 1800í, rinne an chlér Chaitliceach iarracht cosc a chur ar an turas sin de bhrí go raibh *'excrescences of abuse, and especially drink and unseemly dancing'* ag dul ar aghaidh nuair a bhí daoine ag gabháil thart ar na stáisiúin. Cibé ar bith, choinnigh an pobal á dhéanamh agus, de réir a chéile, stad an chlér de chur ina éadán.

Tobar Cholm Cille
St. Colm Cille's Well



CLOCH AONACH

Tugtar Cloch Aonach, sé sin 'cloch na gcrúinnithe,' ar an chloch ard ag Stáisiún 9 de Thuras Cholm Cille. Tá sí 1.92m ar airde agus tá crosanna agus siombailí diabhara eile inghearrtha uirthi. Téann lucht an turais thart ar an chloch trí huaire is iad ag urnaí. Nuair a bhios sin déanta acu, cuireann siad a ndroim leis an chloch agus deir siad trí huaire: 'Diúltaim don Diabhal, don tSaol, agus don Cholainn'. Deirtear, má tá duine ar staid na grásta go bhfeicfidh sé na Flaithis fríd an pholl bheag ag barr na cloiche. Sa tseanam, nuair a bhí dail á déanamh sa ghleann, ba ghnách leis an lánúin seasamh ar dhá thaobh na cloiche agus a méara a shnaidhmeadh tríd an pholl i bhfianaise a gcuid cairde.



'The Meeting Stone'

The standing stone at Stáisiún 9 of *Turas Cholm Cille* is called *Cloch Aonach* [trans.: the meeting stone]. It is 1.92m high and there are crosses and other symbols inscribed on it. Pilgrims walk around it three times, praying constantly, and then they turn their backs to the stone and renounce Satan, the World, and the Body, saying 'Diúltaim don Diabhal, don tSaol, agus don Cholainn'. If a person is in a state of grace, it is said, that they will then glimpse paradise through the small hole at the top of the stone. Independent of the *turas*, couples who were getting engaged, traditionally stood on opposite sides of the stone and intertwined their fingers in the hole in the presence of their friends.



According to a local tradition, Charles Stuart, the Jacobite 'Pretender' to the throne of England, spent over a month in *Gleann Cholm Cille* after his defeat at *Cúl Odair* in 1746. Historians doubt that this tradition has any basis in fact but some researchers believe it is probable that a Jacobite gentleman sought refuge in the area. Local accounts run as follows:



During the summer of 1746 a handsome stranger accompanied by a manservant spent a few nights in the isolated mountain townland of *Gleann Locha*. They stayed in the house of Pádraig Ó Beirn, the local herd. They then spent a week in Oilibhéar Mac Suibhne's house in *Fearainn Mhic Ghiolla Bhríde* before moving again to *Málainn Mhóir* where they lodged with Aindrias Mac Giolla Bháin. The strangers passed each day on *Ros Eoghain* or *Cionn Ghlinne* staring out to sea. After several weeks, the stranger gave some gold sovereigns to the Mac Giolla Bháin family, and he and his servant left *Málainn Mhóir*. They spent that night in a house in Min na Croise. The following morning, they rose early and went to Poll an Uisce, a landing spot easily identifiable from the sea on account of its proximity to An Tor Mór, a massive sea stack

Bonny Prince Charlie

Tá sé sa tseanchas gur chaith Séarlas Óg, nó *Bonny Prince Charlie* mar is fearr aithne air, tamall ar a sheachnadh i nGleann Cholm Cille i ndiaidh d'arm na coróna a arm a bhriseadh ag Cúl Odair i 1746. Ní shíleann staraithe go bhfuil bunús ar bith leis sin ach measann taighdeoirí áirithe go bhfuil seans maith ann go raibh fear uasal Seacaibíteach eile sa cheantar ag an am. Seo leanas achoimre den tseanchas:

I samhradh 1746 tháinig stráinséar ard dóighiúil go teach Phádraig Uí Bheim, aoire Ghleann Locha. Bhí searbhónta leis agus chaith an bheirt acu cúpla oíche leis an Bheimeach sula ndeachaigh siad siar go teach Oilibhéir Mhic Shuibhne i bhFearainn Mhic Giolla Bhríde, áit ar fhan siad seachtain. Ansin, stop siad i dtigh Aindriais Mhic Giolla Bháin i Málainn Mhóir. I rith an ama seo, ba ghnách leis an stráinséar an lá a chaitheamh ar Ros Eoghain nó ar Chionn Ghlinne ag coimhead ar bhun na spéire. Oíche amháin, i ndiaidh míosa nó mar sin, thug sé giníocha óir do mhuintir Mhic Giolla Bháin, d'fhág sé féin agus a shearbhónta slán acu agus thug siad a gcúl le Málainn Mhóir. D'iarr siad lóistín an oíche sin ag teach i Min na Croise. Ní raibh mórán Gaeilge acu ná mórán Béarla ag muintir an tí, ach d'éirigh leo iad féin a chur in iúl. Nuair a thuig bean an tí iad, dúirt sí: '*Bed, bed, a dhuine uasail! Cóirfidh mé sleep duit. Tá tú i do luí anois agus níl a' oiread Béarla i mbaile Mhín na Croise a chuirfeas i do shuí arís thú!*' An lá arna mhárach, d'éirigh siad, d'fhág siad

an teach agus tharraing siad ar Shliabh Tuaidh. Chuaigh siad ar bord loinge i bPoll an Uisce, in aice leis an Tor Mór, alt ollmhór atá furasta a fheiceáil ón fharraige.

Deirtear gur chrothnaigh Séarlas Óg a bhean cuid mhór nuair a bhí sé ar a sheachnadh agus tá cur síos ar an bhuaireamh a bhí air i *Lá chois cuain*, amhrán grá de chuid Ghleann Cholm Cille:

*Lá chois cuain 'gus mé go huaigineach
tréithlag buartha i m'intinn,
'S mé ' stánadh uaim ar an spéir ó
thuidh cá ngabhfaidh sí thar sinnsrí,
Is gearr anonn go bhfacas long 's í ' teacht
leis an tsruth thart timpeall,
Faoi na rachtaí seol go barr a crann 's
bhí m'ainnir súgach innti.*

beneath *Sliabh Tuaidh*. It is said that they boarded a ship here and sailed to France.

Local people maintain that a popular love song, *Lá Chois Cuain*, details the Pretender's frustration at the long wait for the ship which would reunite him with his lover.

Málainn Bhig Harbour

25



The dorsal-fin-shaped cliff beneath *Cionn Ghlinne* is called *An Starraill*; there is a cove on the northern side of it called *Camus Binne*. During a violent storm on the night of 16 November 1870, a 1,118-ton ship, the *Sydney*, carrying a cargo of wood from Quebec to Greenock, was wrecked here. Local people maintain that the ship's captain was drunk and mistook the lights of *Árainn* and *Reachlainn Uí Bheirn* for the mouth of the Clyde. His orders sent the ship onto the rocks. Only two men managed to clamber up the cliffs. The other twenty-one crew members drowned. The corpses of several sailors were never recovered, and one of the Campbells of *Coillte Fánaid* composed a song about the grief this caused their relatives. In the last verse of the song, the singer asks his listeners to pray that the bodies of drowned sailors will be washed ashore, regardless of race or religion.

An Sydney

Tugtar an Starraill ar an aill ard fhada thíos faoi Chionn Ghlinne; tá inbhear beag taobh ó thuaidh di a dtugtar Camus Binne air. Ar 16 Samhain 1870 briseadh soitheach lasta, an *Sydney*, anseo. Long mór 1,118 tonna a bhí inti agus bhí sí ar a bealach ó *Quebec* go *Greenock* le lasta adhmaid nuair a bhuail stoirm í. Deirtear sa Ghleann go raibh an




caiptín ar meisce agus ar fheiceáil shoilse Reachlainn Uí Bheirn agus Árainn dó gur shíl sé go raibh sé ag dul isteach i mBéal na Clúide in Albain. Thug sé drochordú don fhoireann agus chuaigh an long ar na creagacha. D'éirigh le beirt fhear óga barr na n-ailltreacha a bhaint amach ach cailleadh fear is fiche. Níor tháinig cuid de na coirp i dtír agus chum fear de Chathmaolaigh Choillte Fánaid amhrán fán uaigneas a d'fhág sin ar a mbunadh. Seo leanas an cheathrúin dheireanach:

*Má tchí tú tráth aon duine á bháthadh,
Guí an tArd-Rí lena thabhairt i dtír,
'Gus gheobhaidh tú pardún ó shíol Éabha
is Ádhmha,
Gaelach nó Gallda, is cuma do líon.*

Painting: 'The Shipwreck' by Rockwell Kent

Iascaireacht

Ós rud é gur leathinis é Gleann Cholm Cille, ní chuireann sé iontas ar éinne go raibh agus go bhfuil tionchar chomh mór sin ag an iascaireacht ar shaol na ndaoine. Ba seo slí mhaireachtála bhunadh Theilinn, na Málainne agus Port go dtí na seascaidí. Tá ár gcultúr agus ár dteanga suite i saol na hiascaireachta; seanchas brónach den chuid is mó atá ann faoin choimhlint fhíochmhar ar an fharraige mhór.



*"Na tonnta a bhí tréan, ag éirí tharad go hard,
Is a charaid mo chléibh, níor fhéad tú imeacht
ón bhás"* (dán de chuid Theilinn)


Fishing

Gleann Cholm Cille being a peninsula, it's no surprise that fishing is and has been an important influence on people's lives; this was the only means of livelihood in Teelin, Malinbeg, Malinmore and Port until the 1960's. Our language and lore is steeped in stories related to fishing - most of them sad because battling with the sea in small boats cost many lives.

The Famine did not have the same cruel impact on the area as most households had its own supply of cured fish (rusty mackerel, cured herring, dried white cod, ling, pollock, byan). That along with 'an cnuasach cladaigh' kept death from many a door during those bleak times. The fishermen couldn't venture far to sea in small boats; they waited patiently until the shoals came along the coast; each season promising its own species; Winter (cod, herring, sprat); Spring (whiting, plaice, haddock); Summer (glassin, herring, mackerel, and the precious salmon).

Fishing is viewed as a sport or pastime by our visitors. Rock fishing can be enjoyed from Glen Head to Malinbeg using rod & line for pollock, mackerel, wrasse and glassin. Alternatively, one can deep-sea fish from Teelin Harbour or hire a motor boat, and view the dramatic scenery

between Muckcross Head and Rathlin O'Birne Island. River and lake fishing is also an option with licences available locally for use on the rivers and our twelve Lakes for salmon, sea trout and brown trout.



Bhí a stóras féin éisc (murlas meirgeach, scadán saillte, trosc tirim, langa, mágach) ag achan teaghlach i rith an Ghorta Mhóir, rud a d'fhág níos lú dochair déanta an taobh seo tíre. Ní raibh sé ar chumas na n-iascairí a ghabhail rófhada amach ar an fharraige; d'fhan siad go foighdeach go dtáinig an scoil éisc gar don chósta agus gheall achan séasúr a chuid féin: an geimhreadh (trosc, murlas, sprot); an t-earrach (faoitin, leathóg, hadóg); an samhradh (glasán, scadán, murlas agus an bradán luachmhar).

Is caitheamh aimsire do chuariteoirí i an iascaireacht, ar ndóigh; is féidir suí go suaimhneach ar an chladach ó Cheann Glinne go Málainn Bhig ar thóir mágach, murlas agus glasáin. Thig a ghabhail ar bhád as Teileann nó Málainn Bhig agus súil a chaitheamh ar áilleacht an chósta ó Mhucrois go Port. Tá an bradán, an breac donn agus an breac farraige le fáil sna haibhneacha agus i suas le dosaen loch, ach ceadúnas a cheannacht go háitiúil.



"St Luke" le Diarmuid Ó Canainn, Taipéis Gael.

Weaving

Since the mid-1700s, sheep-rearing and the associated domestic industries of weaving and knitting have been an important part of *Gleann Cholm Cille's* economy. As in other peripheral areas, these industries provided an additional income to many families without which they would have been forced to emigrate. Today, local tweed and knitwear have an international reputation and many people are permanently employed in knitting and weaving factories.

In 1993, six young people established an arts group, *Táipéis Gael*, to develop traditional weaving skills in a creative new way. With the help of older weavers and knitters, they learned to dye, card, and spin and they now weave distinctive tapestries which explore the culture and environment of southwest Donegal. Their work is much sought after, and has been exhibited in Ireland, throughout Europe and in the United States.

Ag sníomh ar túirne
Spinning on a Donegal wheel

An Fhíodóireacht

27

*A chaora bheag dhílis,
fan thuas go cionn míosa,
'S ná bí thusa ag isliú an gheamhair gach lá;
Nó cuirfear 'un tí thú,
is beidh díobháil an bhí ort,
'S nach trua dhuit an ní sin
a chuirfeas thú 'un báis?
Ní chodlaím san oíche
ach ag osnail 's ag smaoitiú,
Go mbeidh tusa i bpriosún feasta faoi cháin.
'S a stóirín mo chroí, seachain an ní udáí,
'Chuirfeas an tsnaidhm ar do sceadamán bán.*



Tá an véarsa sin thuas in amhrán de chuid Éamonn Uí Ascaín, file de chuid na 1800í.



Cuireann an file comhairle ar chaora fanacht ar na hardáin gharbha agus gan bacadh leis an talamh maith ag bun na gcnoc ar eagla go ngoidfear í! Ar ndóigh, tá tógáil caorach agus na ceirdeanna a bhaineann léi – an fhíodóireacht agus an chniotáil – ina gcuid thábhachtach d'eacnamaíocht Ghleann Cholm Cille ó bhí lár na 1700í ann. Sa tseanam, ach ab é an t-airgead a bhí daoine ábalta a shaothrú ag gabháil do na ceirdeanna sin, bheadh ar léar mór acu an ceantar a fhágáil. Inniu, tá iomrá idirnáisiúnta ar bhréidín agus ar earraí cniotáilte Dhún na nGall agus tá fostaíocht lánaimseartha ag daoine i monarchana cniotála agus fíodóireachta.

I 1993 bhunaigh seisear de ghlúin óg Ghleann Cholm Cille grúpa ealaíne, *Táipéis Gael*, le cor úr a chur san fhíodóireacht. Chuir siad rompu an fhíodóireacht agus na seancheirdeanna uilig a bhain léi, mar atá, dathú, cardáil, agus sníomh, a fhoghlaim ón tseanghlúin agus táipéisí a fhi a thabharfadh léiriú ealaíonta ar thimpeallacht agus oidhreacht iardheisceart Dhún na nGall. Cuireadh saothar *Tháipéis Gael* ar taispeáint ar fud na hÉireann, ar Mhór-Roinn na hEorpa agus i Meiriceá agus tá ráchairt mhór i gcónaí air.

Séamus Mac Giolla Chearra ag Táipéis Gael
Teaching weaving at Táipéis Gael



The Glen of Music

In the early 1900s, the English composer Sir Arnold Bax (1883–1953) spent several years in Gleann Cholm Cille. He developed a deep interest in Gaelic culture and, under the pen name Dermot O'Byrne, he published several works inspired by his stay, including *Sea-foam and Firelight* (1910, a collection of poems); *Children of the Hills* (1915, a collection of short stories); and *Red Owen* (1919, a play). Bax, who was appointed Master of the King's Music in 1942, had a very high regard for the travelling fiddlers, particularly Mici Mac Conaill. Years later, he recalled how he had asked Mici, a deceptively rough-looking man, to play *An Chúilfhionn*, a well-known slow air. 'After a few bars

Gleann an Cheoil

I dtús na 1900í, chaith Sir Arnold Bax (1883–1953), cumadóir ceoil agus scribehneoir, traidhfil blianta i nGleann Cholm Cille. Chuir sé suim mhór i gcultúr an Ghleanna agus d'eascair roinnt dá shaothar liteartha – a foilsíodh faoin ainm cleite Dermot O'Byrne – ón aithne a fuair sé ar na daoine sa taobh seo tíre; ina measc, tá *Sea-foam and Firelight* (1910), duanaire filíochta; *Children of the Hills* (1915), cnuasach gearrscéalta; agus *Red Owen* (1919), dráma. Is léir óna dhirbheathaisnéis go raibh meas mór ag Bax – a ceapadh ina Mháistir Ceoil do Rí Shasana i 1942 – ar cheol na bhfidleirí siúil, go háirithe ceol Mhicí Mhic Conaill. Blianta fada i ndiaidh dó Gleann Cholm Cille a fhágáil, bhí cuimhne bheacht aige ar an lá ar iarr sé ar Mhicí, fear a raibh cuma rógaire air, *An Chúilfhionn* a bhualadh. De réir Bhax, i ndiaidh dó an chéad chúpla

nóta a bhualadh, lig sé don bhogha titim agus tháinig deora lena shúil. 'Arú,' ar seisean, 'I can't play thon tune. It's too beautiful, altogether.' In ainneoin sin, b'ar na hamhránaithe is mó a bhí meas ag Bax. Bhí Pádaí John Mac Niallais ar dhuine den mhuintir ab fhearr agus stop Bax ina theach. Ina dhirbheathaisnéis, d'fhág sé pictiúr truacánta den fhear chéanna i ruball a shaoil nuair nach raibh sé in inmhe na hamhráin a rá mar ba ghnách leis.

he let his bow fall,' wrote Bax, 'and with tears running down his dirty cheeks sobbed out, 'Arú, I can't play thon tune. It's too beautiful altogether.' Still, it was the local singers who made the deepest impression on him. He lodged with Pádaí John Mac Niallais, a publican and renowned singer. In his autobiography, he includes a touching picture of the old man, forgetting the songs that once came easily to him:

When he was nearing his end and his memory beginning to fail I once found him, with tears streaming from his rheumy light blue eyes. 'Och, it's a poor thing to be old,' he lamented. 'Sure there does be music all through my head, and it rising up to the roof of the house this minute, but I can't be minding it any more.'

Ag seinm 'Roarty's

A traditional session in Roarty's

Thomas Cunningham, John Byrne, Máiréad Ní Chuinneagáin



Fiddle Music

There is a long and vibrant fiddling tradition in southwest Donegal. It is particularly strong and rich in *Gleann Cholm Cille*. In the early 1900s, there was, it is said a fiddle in every house in the townland of *Min na Croise*! The local style is fast and attacking with little ornamentation. It may be heard throughout the year at seisiúin in private houses, pubs and *Foras Cultúir Uladh*. Every year *Cairdeas na bhFidléirí*, the Donegal fiddlers' society, holds a summer school in *Gleann Cholm Cille* to celebrate this important part of local culture. In addition, *Cairdeas na*

An Fhidléireacht

Tá traidisiún fada fidléireachta in iardheisceart Thír Chonaill, go háirithe i nGleann Cholm Cille. Deirtear go raibh fidil i ngach teach i Min na Croise ag tús na 1900í! Stíl ghasa, ionsaitheach, gan órnáidíocht a chleachtann fidléirí an Ghleanna agus bíonn siad le cloisteáil i rith na bliana ag seisiúin sna tithe leanna agus i bhForas Cultúir Uladh. Gach samhradh bíonn Scoil Fhidléireachta i nGleann Cholm Cille faoi choimirce Chairdeas na bhFidléirí le ceiliúradh a dhéanamh ar shaibhreas na fidléireachta sa cheantar. Lena chois sin, tá cartlann ceoil thraidisiúnta curtha le chéile ag Cairdeas na bhFidléirí i gcomhar le hOideas Gael a bhfuil an iliomad ábhar ann a bhaineann leis an fhidléireacht in iardheisceart Thír Chonaill. Tá an chartlann i bhForas Cultúir Uladh.

Tá iomrá idirnáisiúnta ar James Byrne, Mín na Croise, a aithnítear mar dhuine de na ceoltóirí traidisiúnta is cumasaí sa tír. Tá ceimín aonair eisithe aige, mar tá, *The Road to Glenlough* (Claddagh Records, CC52). Cloistear fosta é i gcuideachta Vincent Campbell, Con Cassidy agus Francie O'Byrne ar *The Brass Fiddle* (Claddagh Records, CC44) agus arís i gcuideachta Chon Cassidy ar *Ó Bhun Shliabh Liag* (Forge Brae, FBC 007).

bhFidléirí, in association with *Oideas Gael*, has established a traditional music archive in Foras Cultúir Uladh. The archive houses a collection of photographs and recordings of south-west Donegal fiddlers.

James Byrne of *Min na Croise* is considered to be one of the most accomplished fiddlers in the country by his fellow musicians. He has recorded a solo album *The Road to Glenlough* (Claddagh Records, CC52) and he also performs with Vincent Campbell, Con Cassidy and Francie O'Byrne on *The Brass Fiddle* (Claddagh Records, CC44) and with Con Cassidy on *Ó Bhun Shliabh Liag* (Forge Brae, FBC 007).



Con Cassidy Et James Byrne

Travelling Fiddlers

In the 1800s large groups of travelling people used to come to *Gleann Cholm Cille*. Among them, there were master tin-smiths who made and mended household goods known as *pandaís*, and highly accomplished musicians. At times over forty of them would come together and they would stay for over a month, making tin goods and playing music. Such was their love of music, that they made tin fiddles for children to practise on. These metal instruments were cheaper than the standard wooden fiddles and much easier to mend if damaged!

In the early 1900s a dispute arose between the Catholic curate and a large group of travellers camped in the glen. The priest drove them out of the area and they never came back in such numbers. Still, some families continued to come, particularly those with an interest in music, most notably the McConnells, Rourkes and Dohertys. They greatly enriched the local repertoire and also helped to spread *Gleann Cholm Cille* tunes throughout the county. As time went by, however, plastic removed the demand for tin goods and the decline of house-dances ended the centuries-old tradition of travelling musicians.

NA FIDLÉIRÍ SIÚIL


Sna 1800í ba ghnách le lucht siúil tarraingt ar Ghleann Cholm Cille. Ní raibh a sárú le fáil i gceann gaibhneoireachta stáin agus bhí scoith ceoltóirí ina measc fosta. Lena linn sin, bhí fáilte mhór ag bunadh an Ghleanna rompu i gcónaí. Stopadh siad ar feadh cúpla seachtain ag déanamh pandaithe – soithí stáin – sa lá agus ag ceartú ceoil san oíche. Bhí an oiread sin airde ar an cheol acu go mba ghnách leo fidleacha stáin a dhéanamh chun cuidiú leis an mhuintir óg an fhidléireacht a fhoghlaim go furasta. Bhí na huirlisí miotail sin ní ba shaoire ná na gnáthuirlisí adhmaid agus b'fhusa i bhfad bail a chur orthu dá mbrisfí iad!

In am amháin, thagadh baiclí móra den lucht siúil i gcuideachta ach i dtús na 1900í bhí

easaontas idir sagart an Chaisil agus grúpa den lucht siúil. Chuir an sagart an ruaig orthu agus níor tháinig an oiread de scaifte arís ní ba mhó. Cibé ar bith, choinnigh clanna áirithe a raibh féith an cheoil iontu ag teacht 'na Ghleanna.

Ina measc siúd, bhí muintir Mhic Conaill, muintir Uí Dhochartaigh agus muintir Uí Ruairc, trí dhream a chuir cuid mhór le saibhreas na fidléireachta sa cheantar agus a scaip portanna de chuid an Ghleanna ar fud Dhún na nGall. Ar an drochuair, chuir an plaisteach deireadh leis an ghaibhneoireacht stáin agus nuair a stadadh de na damhsaí tí, tháinig ré fhada na gceoltóirí siúil chun críche. Bíodh sin mar atá sé, tá a lorg ar cheol an Ghleanna agus tá na fidleacha stáin a rinne siad ann i gcónaí.

By the 1970s few travellers visited the area. They had left their mark on the music of the glen, however, and their unique tin fiddles are still in use.



Johnny Doherty

Singing

On a fair day in the early 1800s, a competition was held to establish who was the best poet in southwest Donegal. Two poets, Eoghan Óg Mac Niallais, of Ard an Rátha, and Séamas Ó Doroián, of *Cill Charthaigh*, were put into separate rooms and each was told to compose a song about a mountain in his own parish. Mac Niallais composed a song praising *An Maoineach* while Ó Doroián's song praised *Sliabh Liag*. The latter won. It is not known whether there was any prize other than pride but both songs entered the regional repertoire and local singers still perform them. Like fiddling, traditional singing declined somewhat in the mid-1900s, due largely to the cultural corrosion caused by high emigration. In recent years, however, there has been a revival in singing. To encourage this development, Oideas Gael, supported by the Arts Council, holds a *sean-nós* – 'old style' singing – workshop every summer. The leader of the workshop is Lillis Ó Laoire, the first Ulsterman to win *Corn Uí Riada*, the most prestigious prize for *sean-nós* singing in the *Oireachtas*.

An Amhránaíocht

Lá aonaigh i dtús na 1800í, eagraíodh comórtas idir an bheirt fhile is mó iomrá in iardheisceart Dhún na nGall, mar atá, Eoghan Óg Mac Niallais, Ard an Rátha, agus Séamas Ó Doroián, Cill Charthaigh. Cuireadh isteach in



Seán Mac Guibhir

dhá sheomra iad agus tugadh orthu amhrán an duine a chumadh fá chnoc ina gceantar dúchais. Chum file Ard an Rátha amhrán fán Mhaoineach agus chum file Chill Charthaigh amhrán fá Shliabh Liag. Ní fios an raibh duais ar bith ann diomaite de mhórtas baile ach thug an Doraiánach an chraobh leis. Tá an dá amhrán sin á rá i gcónaí agus ní hiad na hamhráin is sine a chantar sa cheantar. Is

comhartha maith é sin de neart na hamhránaíochta in iardheisceart Dhún na nGall. In ainneoin go ndeachaigh traidisiún na hamhránaíochta i léig rud beag i lár na 1900í de thairbhe na himirce, tá sé ag teacht chuige féin arís anois. Le tacaíocht a thabhairt don fhorbairt sin, eagraíonn Oideas Gael agus An Chomhairle Ealaíon ceardlann sean-nóis gach samhradh i bhForas Cultúir Uladh. Is é Lillis Ó Laoire, buaiteoir Chorn Uí Riada san Oireachtas i 1991 agus i 1994, a bhíos i mbun na ceardlainne.

Tá amhráin mhóra Chúige Uladh i stór amhrán an Ghleanna, mar atá, *Doimnic Ó Dónaill, Mal Dubh an ghleanna, agus An seandúine dóite*. Ceoltar amhráin eile fosta a bhfuil baint faoi leith acu le Gleann Cholm Cille. Ina measc siúd tá *Lá chois cuain, Cailíní deasa Shrath Laoighill, Soitheach an Chamuis Mhóir, agus Bhí mé thiar i Málainn*.



Yvonne Ni Churraighin

The local repertoire includes classic Ulster songs such as *Doimnic Ó Dónaill, Mal Dubh an ghleanna*, and *An Seandúine Dóite*. Among the popular songs connected with the immediate area are *Lá Chois Cuain, Cailíní deasa Shrath Laoighill, Soitheach an Chamuis Mhóir* and *Bhí Mé Thiar i Málainn*.

St. Columba's Church

St Columba's, the Church of Ireland chapel in *Gleann Cholm Cille* is built on the site where early Christian monks first established a church in the valley. In the 1600s Protestants settled in the area and chose it as their place of worship. In 1828 the congregation demolished the old church and built the present St Columba's a few metres further from the road. In 1842 some men digging a grave uncovered a chamber on the site of the old church. Local people maintain that this was a hiding place used by monks during Viking raids. It may be entered through a small hole a few metres in front of the church door. Henry Musgrave, a local landlord, paid for the erection of the tower in 1913. Although it was a Church of Ireland chapel since the seventeenth century, both Catholics and Protestants were buried in the graveyard until the late 1800s.

Charles Inglis (1734-1816), the first Anglican bishop of Nova Scotia, was born in Gleann Cholm Cille. His father, who was the local minister, died when Charles was young and his mother was unable to pay for a college education. He emigrated to America where he taught for several years. He was ordained a minister in 1758. A committed loyalist, he fled to England after the American War of Independence. He was appointed archbishop of Nova Scotia in 1787 and he spent the rest of his life there.

Teampall Cholm Cille

28

I dtús Ré na Críostaíochta bhunaigh manaigh teampall san áit a bhfuil Teampall Cholm Cille, Eaglais na hÉireann, anois ann. Tháinig Protastúnaigh chun cónaithe sa ghleann sna 1600í agus roghnaigh siad an foirgneamh sin mar ioand adhartha. In 1828 leag siad é agus thóg siad Teampall Cholm Cille rud beag níos faide ar shiúl ón bhealach mór. In 1842 tháinig fir a bhí ag oscailt uaigne ar uaimh talún san áit ab ghnách leis an tseanteampall a bheith. Mheas muintir na háite go mba ghnách leis na manaigh iad féin a cheilt anseo in aimsir na Lochlannach. Thig fáil isteach san uaimh tré pholl cúpla slat os comhair dhoras an teampaill. Cuireadh an túr leis in 1913 le hairgead a bhronn Henry Musgrave, fear de na tiarmaí talaimh, ar an phobal. In aineoinn gur teampall Protastúnach a bhí ann ó thús na 1600í, cuireadh idir Chaitlicigh agus Phrotastúnaigh sa reilig go dtí an darna leath de na 1800í.

Tháinig Charles Inglis (1734-1816), an chéad easpag den eaglais bhunaithe i Nova Scotia, ar an tsaol i nGleann Cholm Cille. Bhí a athair ina mhinistir anseo ach fuair sé bás nuair a bhí Charles óg agus ní raibh go leor airgid ag a mháthair lena chur 'na coláiste. Chuaigh Charles go Meiriceá, áit ar theagaise sé ar feadh cúpla bliain agus oiriodh ina mhinistir é i 1758. Dilseoir a bhí ann agus theith sé go Sasain i ndiaidh Chogadh na Saoirse. Bronnadh easpagacht Nova Scotia air i 1787 agus chaith sé an chuid eile dá shaol ansin.



Béaloideas

The Fairies

*Up the airy mountain,
Down the rushy glen,
We dare not go a hunting,
For fear of little men;
Wee folk, big folk,
Trooping all together;
Green jacket, red cap,
And white owl's feather!*


*Down along the rocky shore,
Some make their home,
They live on crispy pancakes,
Of yellow tide-foam;
Some in the reeds,
Of the black mountain lake;
With frogs for their watch dogs,
All night awake.*

*High on the hill-top,
The old king sits;
He is now so old and grey,
He's nigh lost his wits.
With a bridge of white mist,
Columbkil he crosses,
On his stately journeys,
From Slieveleague to Rosses;
Or going up with music,
On cold starry nights,
To sup with the Queen
Of the gay Northern Lights.*

Samhlaíonn daoine ar fud na hÉireann Gleann Cholm Cille le siogaí agus leipreacháin de thairbhe gur fhoghlaím siad *The Fairies* le William Allingham (1824-1889) ar an scoil.

Folklore


Throughout Ireland people associate *Gleann Cholm Cille* with the otherworld as *The Fairies*, a poem composed by William Allingham (1824-1889), was one of the first poems they learned at school. A native of Baile Átha Seanaigh, Allingham worked with the excise service in southwest Donegal for several years before he established his literary reputation.



A *Gleann Cholm Cille* man from *Teileann*, Seán Ó hEochaidh, made an important contribution to academic study of this aspect of Irish folklore. In the 1930s Coimisiún Béaloideas Éireann/Irish Folklore Commission employed him as a collector and for several decades he travelled throughout County Donegal recording oral traditions. Ó hEochaidh also published a popular book, *Sí-scéalta ó Thír Chonaill*, which has ensured that people far from Donegal can enjoy its fairy stories.

The art of storytelling is strong in the region with local seanchaithe prominent winners of *Oireachtais na Gaeilge* in recent years

Eoghan Ó Curraighin, Teileann



Máire Ní Eanáin

Tháinig Allingham ar an tsaol i mBaile Átha Seanaigh agus chum sé an dán cáiliúil seo nuair a bhí sé ag obair sa cheantar seo leis na fir chustaim. Tamall ina dhiaidh sin, fuair sé aitheantas idirnáisiúnta mar scríbhneoir agus chuaigh chun cónaithe i Londain.

Chuidigh fear de bhunadh Theilinn, Seán Ó hEochaidh, go mór le staidéar acadúil a dhéanamh ar an ghné seo de bhéaloideas na hÉireann. Sna 1930í d'fhostaigh Coimisiún Béaloideas Éireann é mar bhailitheoir agus chaith sé blianta fada ag taisteal ar fud Dhún na nGall ag taifeadh scéalta agus seanchais. Chuir sé cnuasach scéalta le chéile fosta a thugann an-léargas ar shí-scéalta na contae, mar atá, *Sí-scéalta Thír Chonaill*.

An Dr. Seán Ó hEochaidh



Brian Ó Baoill, Mí an Aoirí




An Port

Baile beag álainn ar an taobh ó thuaidh de Ghleann Cholm Cille is ea an Port. I 1576 báitheadh Siobhán Ní Bhaoill anseo. Bhí a hathair, Tarlach Néill, ina thaoiseach ar Chlann Uí Bhaoill, ceann de na clanna is tábhachtaí i dTír Chonaill ag an am, agus luaitear bás Shiobháin in *Annála Ríoghachta Éireann*, mórshaothar staire a cuireadh i dtoll a chéile i dtús na 1600í. Deirtear ansin gur báitheadh Siobhán agus í ag foghlaim snámha in Abhainn an tSraitha Bhuí. Cibé ar bith, tá insint eile ar an scéal ag muintir na mbailte thart ar an Phort. De réir an tseanchais, gealladh Siobhán ar fhear inteacht nach raibh dúil aici ann agus theith sí go dtí an Port. Fuair an fear amach cá raibh sí; tháinig sé aniar aduaidh uirthi agus bháigh sé í.

29

An Port is an uninhabited townland in the north of *Gleann Cholm Cille*. Siobhán Ní Bhaoill drowned here in 1576. Her father, Tarlach Néill, was the head of Clann Uí Bhaoill, the Boyle Clan, one of the most powerful families in west Ulster at that time. Her death is mentioned in *Annála Ríoghachta Éireann*, historical annals compiled by a group of Franciscan scholars known as the Four Masters in the early 1600s. According to the annalists, Siobhán drowned when learning to swim in *Abhainn an tSraitha Bhuí*, the river which runs into the sea in *An Port*. *Seanchas* offers a different explanation of the drowning: Siobhán was engaged to marry a man she did not love and fled to *An Port*; he learned where she was hiding; surprised her in *An Port* and drowned her.




In 1926 the American landscape painter, Rockwell Kent (1882–1971), spent several months in a small house belonging to Dan and Rose Mac a' Bhaird in *Gleann Locha*, a remote townland which cannot be reached by road. He produced some of his finest work during this brief stay, including *Irish Coast*, *Shipwreck*, *Coast of Ireland* and *Dan Ward's Stack*. His most famous *Gleann Locha* painting is *Annie McGinley*, a study of a local woman sunbathing near *An Port*. In the 1950s, at the height of the Cold War, Kent decided to make his permanent home in *Gleann Locha*. The US State Department, however, refused to issue him a passport on account of a trip which he had made to the Soviet Union. The US Supreme Court overturned this decision in 1958 but by then he had abandoned the idea of settling in Ireland although he did visit. A socialist and campaigner for nuclear disarmament, he donated much of his work to the Soviet Union where he received the Lenin Prize in 1967. In his autobiography he records his admiration for the emigration-drained communities where he had worked in 1926:

*I've travelled north and south,
east and west in search of
mountain peaks but never until
now have I found peaks whose
summits reached so near to God
as do you men of Donegal.*

Gleann Locha

I 1926, tháinig an t-ealaíontóir Meiriceánach, Rockwell Kent (1882–1971) go Gleann Cholm Cille. Fuair sé teach ar cíos i nGleann Locha, baile beag scaite sna cnoic nach raibh bealach mór ar bith isteach ann, agus bhain sé faoi ansin ar feadh an tsamhraidh. Bhí an samhradh sin ina thréimhse an-bhláfar ag Kent agus tá clú ar chuid de na pictiúirí a rinne a sé an t-am sin, ina measc, *Irish Coast*, *Shipwreck*, *Coast of Ireland* agus *Dan Ward's Stack*. Is é *Annie McGinley* an pictiúr is mó clú a rinne sé i nGleann Locha. Léiríonn sé bean de bhunadh na háite ina luí amuigh faoin ghrian ar na hailltreacha os cionn an Phoirt. Sna 1950í, nuair a bhí an domhan i mbaol cogaidh núicléigh, shocraigh Kent pilleadh ar Éirinn agus cónaí buan a dhéanamh i nDún na nGall. Dhiúltaigh Roinn an Stáit i Washington DC pas a thabhairt dó de thairbhe gur thug sé cuairt ar an Aontas Sóivéadach. I 1958, thug an Chúirt Uachtarach cead dó an tír a fhágáil ach faoin am sin bhí a intinn athraithe aige fá chónaí a dhéanamh in Éirinn. Sóisialaí a bhí ann agus chaith sé cuid mhór ama ag agóid in éadan lón cogaidh núicléigh. D'fhág sé cuid mhaith dá shaothar ag an Aontas Sóivéadach, áit a bhfuair sé Duais Lenin i 1967.




Rockwell Kent

I 1933 stop Dylan Thomas, an file Breatnach, ar feadh míosa sa teach céanna a raibh Rockwell Kent ann cúpla bliain roimhe. Dálta Kent, bhí dúil ag Thomas sa phoitín agus d'éirigh leis roinnt mhaith oibre a dhéanamh i suaimhneas Ghleann Locha. Cibé ar bith, nior thaitin an ceantar an oiread leisean is a thaitin sé leis an ealaíontóir. Thug sé '*a wild unlettered and un-French-lettered country*' air, agus mhaigh sé go raibh sé ró fhada ar shiúl ó Ard an Rátha, baile nach dtiocfadh le duine bheith fada go leor uaidh. Scriobh sé fá na daoine: '*they're superstitious or mad, whimsy or barmey, and the blood sports are blood sports*'. Muna raibh dúil ag Thomas i muintir an Ghleanna, ní raibh dúil acusan ann ach oiread, go háirithe nuair a d'fhág sé gan diol as an lóistín a fuair sé!

Painting: '*Annie McGinley*', by Rockwell Kent, Collection of Robert Peter Miller

In 1933, Dylan Thomas, the Welsh poet, spent several weeks in the same house in *Gleann Locha* which Kent had occupied some years before. Like the painter, he acquired a taste for *poitín* – illicit whiskey – and produced some well-known work while staying in *Gleann Locha*. Thomas, however, did not like the area as much as the American painter. He described it to a friend as '*a wild unlettered and un-French-lettered country, too far from Ardara, a village you can't be too far from*'. Of the people, he wrote '*they're superstitious or mad, whimsy or barmey, and the blood sports are blood sports*'. Thomas is not remembered as fondly as Kent, not least because he left suddenly without paying for his food and lodging!





An Canónach Séamas Mac Daidhir

Tháinig an Sagart Séamas Mac Daidhir (1910-1987) go Gleann Cholm Cille i 1951. Chonaic sé go raibh an pobal ar an dé deiridh. Ní raibh monarchana, leictreachas ná fiú córas uisce reatha sa Ghleann. Ní raibh aon dath roimh an mhuintir óg ach bád bán na himirce. Sóisialaí praiticiúil agus gníomhaire díograiseach, chaith Mac Daidhir tríocha bliain ag iarraidh forbairt a dhéanamh ar an Ghleann agus ag cuidiú le pobail thuaithe ar fud iarthar na hÉireann. Murab ionann agus rialtais a linne, níor chuir sé muinín ar bith in ollchomhlachtaí ilnáisiúnta ach chreid sé go dtiocfadh le pobail feabhas a chur orthu féin tré fhorbairt a dhéanamh ar a n-acmhainní dúchasacha. Faoina stiúir, bunaíodh monarcha fhiodóireacht láimhe, monarcha phróiseála glasraí agus monarcha chniotála. Lena chois sin, bunaíodh comharchumann cniotála agus comharchumann talmhaíochta, ceanglaíodh tithe an Ghleanna leis an chóras náisiúnta leictreachais agus leagadh píopai uisce. De thoradh obair Mhic Dhaidhir tá monarcha phróiseála éisc i Mín an Aoire, áit a bhfuil fostaíocht shéasúrach ag dhá chéad duine.

Tarraingt téide i Páirc na nGael
Tug-of-war at Páirc na nGael




Canon James McDyer

Fr. James McDyer (1910-1987) came to *Gleann Cholm Cille* in 1951. He saw that the community was dying. Years of official disinterest and an almost complete absence of paid employment had taken their toll. There was no industry, no electricity, no public water supply and few tarred roads. Young people were emigrating when they left school. A practical socialist, over the next thirty years Fr. McDyer campaigned tirelessly against official neglect of *Gleann Cholm Cille* and similar communities throughout the west. At a time when central government saw multinational corporations as the solution to spiraling unemployment and emigration, he championed the right of rural people to forge their own destinies and emphasized the importance of small community-based industries which developed local resources and skills. He helped establish weaving, knitting and vegetable-processing factories and campaigned successfully for electricity and piped water schemes. The fish-processing factory in Mín an Aoire which provides seasonal employment to 200 people is a direct result of Fr. McDyer's work.

Folk Museum & Holiday Village

Fr. McDyer recognized that tourism could play a key role in revitalizing rural Ireland but stressed that it must be both environmentally and culturally sensitive. In 1967 he was the driving force behind *An Clachán*, a museum representing three hundred years of domestic life in southwest Donegal. A *bête noire* of Dublin bureaucrats, he received formal planning permission the day after the museum opened. The museum has proved to be highly successful: over 30,000 people visit it each year. In 1968 Fr. McDyer inspired a local co-operative to build a 'village' of traditional-style houses for visitors to rent during the summer.



AN CLACHÁN & AN SRÁIDBHAILE SAOIRE

D'aithin an Sagart Mac Daidhir go dtiocfadh leis an turasóireacht cuidiú le forbairt an cheantair ach i a bheith ag teacht leis an timpeallacht agus le cultúr an phobail. I 1967 osclaíodh An Clachán, iarsmalann dhúiche a léiríonn trí chéad bliain de shaol teaghlaigh in iardheisceart Thír Chonaill. Fear a bhí i Mac Daidhir nach raibh aird riamh aige ar an mhaorlathas agus bhí an iarsmalann oscailte sula bhfuair sé cead pleanála fána coinne! D'éirigh thar barr leis mar thionscnamh: tugann níos mó ná 30,000 duine cuairt uirthi gach bliain. I 1968 spreag Mac Daidhir grúpa pobail le tithe a thógáil a raibh déanamh traidisiúnta orthu le ligint ar cíos le cuairteoirí.



HALLA MHUIRE

Ba é Halla Mhuire an chéad tionscnamh mór ar thug an Sagart Mac Daidhir faoi i nGleann Cholm Cille. D'oibir an sagart taobh le muintir an Ghleanna – agus iad ag obair saor in aisce – agus tógadh an halla taobh istigh de dhá sheachtain déag i ngeimhreadh na bliana 1953. Roimh theacht na teilifíse sna 1970í, ba é Halla Mhuire croí an phobail agus baintear úsáid go fóill as i gcóir drámaí, céilithe agus *bingo*. Reachtáladh cuid de na comórtais ann nuair a bhí an tOireachtas sa Ghleann i 1989.

In ómós d'fhidléirí an cheantair, roghnaíodh cloch as céarta Mhósaí Mhic Fhionnlaoich, Loch Inse mar bhunchloch an halla. Tháinig Mósai ar an tsaoil i dtús na 1800í. Bhí deichniúr clainne aige agus bhí féith an cheoil iontu uilig, go háirithe Muiris, Pádaí agus John. Deirtear go raibh John Mhósaí níos fearr ná fídléir ar bith eile lena linn. Ba eisean a chum *The Glen Road to Carrick*, *Tobaca Daor* agus *The Rambling Pony*. Chaith sé blianta fada ag taisteal ar fud thuaisceart na tíre ag díol sean-éadaí agus i ndeireadh a shaoil chuaigh sé thart ar Thír Chonaill ag díol éisc. Is beag áit ar stop sé nach mbíodh sé ag gabháil don cheol agus bhí stór madruil port aige. Fuair sé bás thart fá 1920 agus cuireadh é i reilig an Ghleanna.



Parish Hall

Halla Mhuire, a large community centre, was Fr. McDyer's first major project in *Gleann Cholm Cille*. The priest worked alongside local volunteers and completed the building in twelve weeks in the winter of 1953. Before the advent of television in the 1970s, *Halla Mhuire* was the centre of social life in *Gleann Cholm Cille* and it remains a regular venue for plays, *céilithe* and bingo games. When the community hosted *An tOireachtas*, the national festival of Irish culture, in 1989, several competitions were held there.

To commemorate the area's musical heritage, the community chose a stone from Mósai Mac Fhionnlaoich's forge at *Loch Inse* as the foundation stone of Halla Mhuire. Born in the early 1800s, Mósai had ten children, many of whom became accomplished musicians; three of his sons, Muiris, Pádaí and John, were exceptionally fine fiddlers. His contemporaries considered John Mhósaí to be the best fiddler of his generation. The composer of such tunes as *The Glen Road to Carrick*, *Tobaca Daor* and *The Rambling Pony*, he spent many years travelling throughout the northern half of Ireland selling clothes and, towards the end of his life, he travelled around County Donegal selling fish and playing his fiddle. He died about 1920 and is buried in *Gleann Cholm Cille*.

The Troubles

In 1919 Irish nationalists began a guerrilla campaign to establish an independent republic. This campaign ended with the partition of Ireland in 1921. That year Black and Tans — ex-British soldiers in special units of the Royal Irish Constabulary — killed Michael Heaney in Málainn Bhig. In these troubled years, Donnchadh Mac Niallais (1897–1954), was prominent in the republican campaign. A native of Málainn Bhig, he participated in the 1916 Rising in County Cork before taking a leading role in the guerrilla war of 1919 to 1921. Opposed to partition, Mac Niallais fought against the Irish Free State Army in the Civil War of 1922 to 1923. Republicans erected a monument to him in *An Caiseal* in 1962. The inscription translates as follows: *Our word is our bond. The Gleann Cholm Cille Branch of the National Graves Association erected this monument as a lasting memorial to Commandant Donncha Mac Niallghuis, Óglaigh na hÉireann, 1914–1923, on account of his bravery in the war for independence in Cork and Donegal. He stayed steadfastly true until death to the principles of the Republic as proclaimed in 1916 with no expectation of profit, reward or honour. Born in Málainn Bhig 15.12.1897. Died in Sligo 15.12.1954. Queen of the Martyrs, pray for him!*

Na Trioblóidí

I 1919 chuir náisiúnaithe treallchogadh ar rialtas na Breataine le poblacht neamhspleách a bhunú in Éirinn. Chríochnaigh an cogadh sin i 1921 nuair a rinneadh críchdeighilt ar Chúige



Donnchadh Mac Niallais

Uladh. An bhliain sin, mharaigh na Dúchrónaigh Micheál Ó hÉanaigh i Málainn Bhig. Bhí cúpla duine de mhuintir an Ghleanna chun tosaigh sa chogadh in áiteacha eile sa tír. Ina measc siúd, bhí Donnchadh Mac Niallais (1897–1954). Fear de bhunadh na Málainne Bige a bhí ann agus ghlac sé páirt in Éirí Amach na Cásca i gContae Chorcaí sular throid sé i gCogadh na nDúbhchrónach. Chuir sé in éadán an Chonartha Angla-Éireannaigh agus chuaigh sé chun catha arís in aghaidh Arm Shaor-Stát na hÉireann i 1922–3. Tógadh leacht i gcuimhne ar Mhac Niallais ar an Chaiseal i 1962.

Peann agus Pár

Tá agus bhí a chuid scríbhneoirí féin ag an Ghleann. Ina measc bhí Pádraic Ó Beirne (1857–1927), a rugadh agus a tógadh in áilleacht na Málainne Bige. Chaith sé seal ag múineadh sna Cealla Beaga sular sheol sé go Nua-Eabhrac. Bhí sé gníomhach in achan eagraíocht Ghaelach agus is ansin a chum sé formhór dá shaothar, idir dhánta agus amhráin, ina measc ‘Mo Mháire’ agus ‘Mo Phíopa Ghoirid Donn’. Tá clú air de bharr a dhán molta faoi Ulysses S Grant, a foilsíodh sa New York Times. Ba chara leis an scoláire Eoghan Ó Gramhnaigh agus bhí teagmháil rialta aige leis ‘An Craoibhin Aoibhinn’, an Dr Dubhghlas de hÍde, céad Uachtarán na hÉireann. Chaith sé lá iomlán i gcomhlúadar Phádraig Mhic Phiarais ar a chuairt go Gleann Cholm Cille i 1907. Bhí a dheartháir Micheál ina fhile cumasach chomh maith go lá a bháis i Málainn Bhig (1912). Chum sé leithéidí ‘The Famous Biddy Bhán’ agus dán grinn, ‘The Malinbeg Water Supply’. Tháinig Patrick McGinley, úrscéalaí, ar an tsaoil i nGleann Cholm Cille i 1937. Tá ocht leabhar curtha i gcló aige, cuid acu bunaithe ar eachtraí a tharla sa cheantar. Bunaíodh scannáin ar dhá leabhar leis, mar atá, *Goosefoot* agus *Bogmail*. Baineann an leabhar deireanach acu le fear leanna a mharaigh fear a bhí ag obair aige le himleabhar den *Encyclopaedia Britannica*. Tá Brid Mhic Giolla Easbuig ag leanstan le traidisiúin filíochta an Ghleanna agus tá trí leabhair dá cuid ar fáil go dtí seo: ‘Milestones Along the Way’, ‘Memories’ agus ‘Glencolmcille’.



Writing

Gleann Cholm Cille had and has its own writers and poets, acclaimed world-wide. Pádraic Ó Beirne (1857–1927) had his native Malinbeg as his inspiration for hundreds of poems and songs such as ‘Mo Mháire’ and ‘Mo Phíopa Ghoirid Donn’. He taught in Killybegs before moving to New York where he composed most of his songs. One of his most notable achievements was the publication of his eulogy to General Ulysses S Grant in the New York Times. A life-long friend of the scholar Eoghan Ó Gramhnaigh and he had regular correspondence with ‘An Craoibhin Aoibhinn’, Dr Douglas Hyde, first President of Ireland. Pádraig Mac Piarais, on his visit to Glen (1907), spent the day in his company. His brother Micheál Ó Beirne (Micky), also a noted author, lived in Málainn Bhig up to his death in 1912. He composed ‘The Famous Biddy Bhán’ and the humorous ‘The Malinbeg Water Supply’. Patrick McGinley (b.1937). A prolific author, he has published eight novels, several of which are set in the area. Two of the novels — *Goosefoot* and *Bogmail* — have been adapted for television. The latter book concerns a publican who murders his barman with a copy of the *Encyclopaedia Britannica*. Brigid Gillespie, Dún Alt, continues the bardic tradition of the Glen and in recent years has had three books to her credit: ‘Milestones Along the Way’, ‘Memories’ and ‘Glencolmcille’.

Reachlainn Uí Bhirn

Tá Reachlainn Uí Bhirn thart fá dhá chiliméadar amach ó Mhálainn Bhig. Roghnaigh Assicus, dithreabhach de chuid thréimhse na luath-Chriostaíochta, an t-oileán beag foscailte seo mar dhíseart. Tá radharc breá ar bhallógaí an dísert seo le fáil ó Ros Eoghain. Tá an chuid is mó de na ballógaí cruinnithe thart ar dhá chlós. Tá cúpla teampall beag agus cillíní ann agus foirgnimh eile nach fios anois céan fheidhm a bhí leo. Tá go leor cloch greanta san oileán; crosannaí atá ar an chuid is mó acu.

Tógadh teach an tsolais ar Reachlainn Uí Bhirn in 1864. Bhí foireann ann go dtí 1975 nuair a rinneadh stáisiún uathoibritheach de. Tá seantithe na foirne in aice le Teampall Cholm Cille ar an Ghaineamh.

36

Rathlin O'Birne Island

Reachlainn Uí Bhirn is two kilometres off the coast of Málainn Bhig. Assicus, an early Christian monk, chose this exposed little island as the site for a hermitage. A fine view of the ruined hermitage may be had from *Ros Eoghain*. Most of the buildings are clustered around two courts. They include two small churches, hermits' cells and other buildings whose function is unclear. There are many inscribed stones on the island; most of them are inscribed with crosses.

A light-house was built on the island in 1864. It became automatic in 1975. The old lightkeepers' houses are near *Teampall Cholm Cille* in *An Gaineamh*.

An tIolar


Bhí am ann a raibh iolair i nGleann Cholm Cille agus tá a rian sin ar logainmneacha an cheantair. Tá screig a dtugtar *Nead an Iolair* uirthi ar Shliabh Liag agus tugtar *Eagle's Nest* ar áit i Málainn Mhóir. Dálta daoine ar fud an domhain, mheas muintir na háite go raibh na hiolair ag déanamh slada ar a gcuid uan — rud nach raibh amhlaidh — agus sheilg siad na héin mhaorga seo. Maraíodh an t-iolar dúchais deireanach sa cheantar i dtús na 1900í. In ainneoin go dtig corr-iolar anall as Albain ó am go



chéile, níor neadaigh péire anseo ó shin. Cibé ar bith, measann éaneolaithe go dtarlóidh sin roimh i bhfad. Beidh cuid mhór fadhbanna le sárú má tá an t-iolar le pilleadh ar an cheantar, mar tá droch-chlú amach ar an éan chéanna i mbéaloides an Ghleanna. Ní hamháin go gcuirtear ina leith gur mharraigh siad cuid mhór uan ach deirtear fosta gur sciob iolar leanbh trí ráithe de chuid Mháire Nic Fhionnlaoich, An Chloigeann Mhór, thart fán bhlian 1700. Bhí an scéal sin ina ábhar ionspráide ag fíodóirí *Tháipéis Gael* a rinne taipéis mhór mar gheall air.

The Eagle

At one time, there were eagles in *Gleann Cholm Cille*. Local place-names bear this out: there is a ledge known as *Nead an Iolair* on *Sliabh Liag* and another place in *Málainn Mhóir* called Eagle's Nest. People mistakenly thought the eagles were destroying large numbers of lambs and hunted them. They killed the last native eagle in the district in the early 1900s. Occasionally, eagles fly over from Scotland and spend several weeks in the area. A pair have to yet nest here, but ornithologists expect this to happen shortly. Re-colonization will be difficult, however, as eagles have a very bad reputation in local *seanchas*. Not only do people blame them for killing sheep, they also believe that an eagle stole a nine-month old baby from Máire Nic Fhionnlaoich in *An Chloigeann Mhór* about 1700. This story inspired the *Táipéis Gael* weavers who portrayed it in a woven tapestry.



Sliabh Liag

Éiríonn Sliabh Liag chóir a bheith 600m ón Aigéan Atlantach agus tá an radharc óna bharr ar an radharc farraige is fearr in Éirinn. Is iad na hailltreacha ar an taobh ó dheas den tsliabh na hailltreacha mara is airde san Eoraip. An té nach bhfuil sé d'uchtach aige siúl go mullach an tsléibhe, gheobhaidh sé radharc chomh maith céanna ó Bhun Glas.

